GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú cumarsáide maidir le leasú caighdeánach a fhormheas ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 304/07)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH AG ATHRÚ AN DOICIMÉID AONAIR

"Verdicchio di Matelica"

PDO-IT-A0481-AM03

Dáta teachtaireachta: 27.5.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. **Pacáistíocht - coimeádáin agus toilleadh**

Tuairisc: maidir le fíon Verdicchio di Matelica nach bhfuil aon sonraíocht bhreise aige, is féidir úsáid a bhaint as pacáistíocht neamhghloine atá comhdhéanta de mhála plaisteach ilsrathach poileitiléine nó poileistir a chuirtear isteach i mbosca de dhéantús cairtchláir nó aon ábhar docht eile ag a bhfuil an toilleadh íosta a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais ar a laghad. Ní mór fíon den chineál passito a chur ar an margadh i mbuidéil ghloine ag a bhfuil toilleadh nach mó ná 1.50 lítear, agus sna buidéil sin amháin.

Cúiseanna: is rogha bhreise é sin maidir le fíon Verdicchio di Matelica a phacáistiú i gcoimeádáin neamhghloine. D'iarr táirgeoirí an rogha sin tar éis measúnuithe teicniúla agus tráchtála cúramacha a dhéanamh, mar atá i gceist freisin leis an toilleadh íosta a shonraítear le haghaidh buidéil fíonta passito.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht agus le roinn 9 den doiciméad aonair.

2. **An bhliain fhíona**

Tuairisc: ní móran bhliain fíona a shonrú i gcás fíonta Verdicchio di Matelica, ach amháin i gcás fíonta súilíneacha nach bhfuil lipéadaithe mar fhíonta sárbhliana.

Cúiseanna: is fearr é sin mar shonraíocht maidir leis an mbealach inar ceart na táirgí ag a bhfuil an tsonraíocht sin a lipéadú.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht agus le roinn 9 den doiciméad aonair.

3. **Tagairt don chomhlacht cigireachta – athrú seolta**

Tuairisc: athraíodh seoladh Valoritalia società per la certificazione delle qualità e delle produzioni vitivinicole italiane S.r.l. ó Via Piave 24, 00187 an Róimh go Via Venti Settembre 98/G, 00187 an Róimh.

Cúiseanna: d'athraigh an comhlacht rialúcháin le haghaidh Verdicchio di Matelica a oifig chláraithe.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Verdicchio di Matelica

[1] IO L 9, an 11.1.2019, lch. 2.

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. *Verdicchio di Matelica*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn dath gealbhuí éadrom ar fhíonta STFC Verdicchio di Matelica. Bíonn boladh sainiúil agus éadrom agus blas tirim comhchuí orthu le hathbhlas atá beagán searbh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,50 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Verdicchio di Matelica passito*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn idir dath buí agus agus dath ómrach ar fhíonta STFC Verdicchio di Matelica passito. Bíonn boladh sainiúil domhain uathu atá cosúil le héitir, mar aon le blas idir leath-mhilis agus milis, uigeacht veilbhitiúil agus athbhlas sainiúil atá beagán searbh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,00 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach íosta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	25
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Verdicchio di Matelica spumante*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn dath buí amhail tuí le himreacha glasa éadroma ar fhíonta súilíneacha STFC Verdicchio di Matelica spumante Bíonn boladh sainiúil, éadrom, breá, flaithiúil agus comhchodach uathu, mar aon le cúr fíneálta agus marthanach agus blas idir an-brut agus tirim. Bíonn siad blasta, úr, breá agus comhchuí.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,50 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíde sulfar iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

—

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Verdicchio di Matelica

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Verdicchio di Matelica passito

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Verdicchio di Matelica spumante

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

I limistéar saothrúcháin na bhfíonchaor a úsáidtear chun fíonta STFC Verdicchio di Matelica a dhéanamh, tá cuid de chríoch bhardais Matelica, Esanatoglia, Gagliole, Castelraimondo, Camerino agus Pioraco i gcúige Macerata agus cuid de chríoch bhardais Cerreto d'Esi agus Fabriano i gcúige Ancona.

7. **Cineálacha fíonchaoire**

Verdicchio bianco B. - Trebbiano di Soave B.

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Verdicchio di Matelica

Bhí ról ríthábhachtach ag tosca daonna ó thaobh na dteicnící saothraithe agus fíonóireachta i gcás fíonta STFC Verdicchio di Matelica a fhorbairt. Traidisiún sa limistéar is ea fíonta súilíneacha agus fíonta passito a tháirgeadh agus a ól, agus is fíonta iad a théann siar na céadta bliain agus atá doiciméadaithe go dóthanach. Leis an idirghníomhú idir na tosca daonna agus tosca nádúrtha uathúla an limistéir saothrúcháin, amhail an aeráid agus cineál na n-ithreacha, tugadh d'fhíonta STFC Verdicchio di Matelica a saintréithe anailíseacha, aramatacha agus orgánaileipteacha uathúla nach bhfuil fáil orthu in aon áit eile, saintréithe a bhfuil dlúthcheangal acu leis an gcineál dúchasach a úsáidtear mar an phríomhfhíonchaor.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistíocht, lipéad, ceanglais eile)**

Sonrú ar an mbliain fíona

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an bhliain fíona a shonrú ar lipéad fhíonta STFC Verdicchio di Matelica, ach amháin i gcás fíonta súilíneacha nach bhfuil lipéadaithe mar fhíonta sárbhliana.

Pacáistíocht agus coimeádáin

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Maidir le fíonta Verdicchio di Matelica nach bhfuil aon sonraíocht bhreise acu, is féidir úsáid a bhaint as pacáistíocht neamhghloine atá comhdhéanta de mhála plaisteach ilsrathach poileitiléine nó poileistir a chuirtear isteach i mbosca de dhéantús cairtchláir nó as aon ábhar docht eile ag a bhfuil an toilleadh íosta a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais ar a laghad.

Is féidir an cineál fíona Verdicchio di Matelica passito a scaoileadh lena ól i mbuidéil ghloine ag a bhfuil toilleadh nach mó ná 1.50 lítear, agus sna buidéil sin amháin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/18198